Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14286/23**

**CLIMA 484**
**ENV 1140**
**ONU 81**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13840/23 |
| Ábhar: | Aighneas le cur faoi bhráid UNFCCC thar ceann an Aontais agus a mBallstát maidir leis an nuashonrú ar an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) arna dhéanamh ag an Aontas agus na Ballstáit<br>– Formheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an t-aighneas maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle é ag an 3973ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 16 Deireadh Fómhair 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**AIGHNEAS ÓN SPÁINN AGUS ÓN gCOIMISIÚN EORPACH THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH AGUS A BHALLSTÁT**

Maidrid, an 16 Deireadh Fómhair 2023

**Ábhar:** **Nuashonrú ar an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit**

Tá trí chuid san aighneas seo: 1) forléargas, 2) rannchuidiú nuashonraithe an Aontais arna chinneadh go náisiúnta (NDC) agus 3) an fhaisnéis a chuirtear ar fáil chun soiléireacht, trédhearcacht agus intuigtheacht NDC a éascú.

## I. FORLÉARGAS

### Achoimre ar fhorbairtí nós imeachta

1. Thíolaic an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a rannchuidiú beartaithe arna chinneadh go náisiúnta (INDC) an **6 Márta 2015**, mar aon le hiarscríbhinn ina bhfuil faisnéis inchainníochtaithe agus cháilíochtúil maidir le INDC, i gcomhréir leis na cinntí a glacadh ag an 20ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP) i Líoma.

2. Rinneadh NDC de INDC an Aontais nuair a dhaingnigh an tAontas Comhaontú Pháras i mí Dheireadh Fómhair 2016, agus é mar sprioc aige **laghdú 40 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030**.

3. I **mí na Nollag 2019**, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach (cinn stáit nó rialtais Bhallstáit an Aontais, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh) an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le Comhaontú Pháras. An **5 Márta 2020**, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh straitéis fhadtéarmach forbartha maidir le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa de chuid an Aontais agus a Bhallstát, lena léirítear an **cuspóir** sin **maidir le haeráidneodracht** agus chuir sí faoi bhráid Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide í.

4. An **11 Nollaig 2020**, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach sprioc aeráide nua agus níos uaillmhianaí de chuid an Aontais do 2030 is infheidhme maidir leis an Aontas agus a 27 mBallstát i ndáil le **'glanlaghdú intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990'** agus chuir sí faoi bhráid Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide í mar **NDC nuashonraithe agus feabhsaithe** an **18 Nollaig 2020**.[1]

5. An **30 Meitheamh 2021**, d'fhoilsigh an tAontas Rialachán lena leagtar amach cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas Eorpach faoi 2050 ar a dhéanaí, arb é is aidhm dó astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, agus lena mbunaítear an creat dlíthiúil chun aeráidneodracht a bhaint amach, ar a dtugtar an **Dlí Aeráide Eorpach**[2]. Leis an Dlí Aeráide Eorpach, dearbhaíodh go mbeadh laghdú 55 % faoi 2030 le hais 1990 ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre ann, rud a fhágann gur sprioc í atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

6. An **14 Iúil 2021**, ghlac an Coimisiún Eorpach an tacar tograí **'Oiriúnach do 55'** chun reachtaíocht an Aontais a athbhreithniú agus a nuashonrú agus é d'aidhm aige a áirithiú go mbeidh beartais an Aontais i gcomhréir leis na spriocanna aeráide a leagtar síos sa Dlí Aeráide Eorpach.

---

[1] https://unfccc.int/sites/default/files/NDC/2022-06/EU_NDC_Submission_December%202020.pdf

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')

7. In 2023, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa go foirmiúil na heilimintí bunriachtanacha uile den **chreat reachtach** is gá chun 'Oiriúnach do 55' a chur chun feidhme, agus foilsíodh an reachtaíocht[3] a comhaontaíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

8. Rinneadh athbhreithniú ar mhionsonraí na mbeartas atá ábhartha do chur chun feidhme NDC i bhfianaise ghlacadh an **chreata reachtaigh 'Oiriúnach do 55'** agus cuirtear na nuashonruithe faoi seach i láthair sa Chuid seo agus i gCuid 3 den aighneas seo (an fhaisnéis a chuirtear ar fáil chun soiléireacht, trédhearcacht agus intuigtheacht a éascú).

9. De réir na meastacháin atá déanta ag an gCoimisiún, dá gcuirfí an creat reachtach 'Oiriúnach do 55' chun feidhme ina iomláine, d'fhéadfaí a chur ar chumas an Aontais agus a Bhallstát an sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa atá acu a bhaint amach agus a shárú, is é sin glanlaghdú intíre de 55 % ar a laghad i gcomparáid le 1990 faoi 2030.

10. Leis an aighneas seo, déanann an tAontas faisnéis maidir lena NDC a nuashonrú roimh COP28 agus iarrtar ar Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide an fhaisnéis theicniúil ábhartha atá san aighneacht seo a mheas i dTuarascáil Sintéise na Rúnaíochta ar NDCanna.

---

[3] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí); Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (Eitlíocht CTA);
Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus Rialachán (AE) 2018/1999 (an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill);
Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (Rialachán LULUCF).

***Déantar achoimre ar na príomhbheartais intíre a glacadh i bhfianaise na sprice nua aeráide a comhaontaíodh i mí na Nollag 2020 sna míreanna seo a leanas agus i gCuid 3 den doiciméad seo (faisnéis a chuirtear ar fáil chun soiléireacht, trédhearcacht agus intuigtheacht a éascú).***

11. Cumhdaítear spriocanna laghdaithe astaíochtaí faoi reachtaíocht an Aontais faoi **Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE)**, an **Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill**, agus an Rialachán maidir le hastaíochtaí agus aistrithe a bhaineann le húsáid talún (**LULUCF**). Cuireann reachtaíocht bhreise agus beartais bhreise maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin paisinéirí nua agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, ar cuid iad den chreat 'Oiriúnach do 55 %', le spriocanna aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach freisin.

12. Le CTA AE, atá ag feidhmiú ó 2005 i leith, cuirtear praghas ar charbón trí chaidhp a shocrú ar líon uasta na lamháltas astaíochtaí do na hearnálacha a chumhdaítear leis. Tá athbhreithniú agus leasú déanta ag an Aontas ar a reachtaíocht lena leagtar síos **sprioc nua astaíochtaí ó na hearnálacha CTA AE atá ann cheana agus ón earnáil mhuirí a laghdú 62 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005**.

13. Le síneadh **CTA AE chuig an earnáil mhuirí**, clúdófar **astaíochtaí** $CO_2$, meatáin agus ocsaíde nítriúla ó longa a bhfuil olltonnáiste os cionn 5000 acu agus beidh feidhm aige maidir le **50 % d'astaíochtaí ó mhuiraistir a thosaíonn nó a chríochnaíonn lasmuigh den Aontas, agus** na hastaíochtaí uile ó thurais laistigh den Aontas agus astaíochtaí ó longa laistigh de chalafoirt an Aontais.

14. Maidir le h**eitlíocht tráchtála**, leanfaidh CTA AE de phraghsáil éifeachtach carbóin a chur i bhfeidhm le haghaidh eitiltí laistigh den Eoraip agus eitiltí chuig an Ríocht Aontaithe agus an Eilvéis. Ina theannta sin, tá reachtaíocht i bhfeidhm chun an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, a chur i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí, maidir le hoibreoirí aerárthaí atá bunaithe san Aontas le haghaidh eitiltí chuig tríú tíortha eile atá rannpháirteach in CORSIA, agus ó na tíortha sin, agus chun praghsáil carbóin a chur i bhfeidhm ar astaíochtaí ó eitiltí lena mbaineann tríú tíortha nach gcuireann CORSIA i bhfeidhm ó thús 2027.

15. Leis an athbhreithniú ar Threoir an Aontais maidir le Trádáil Astaíochtaí, cuirtear **creat praghsála carbóin** ar leithligh i bhfeidhm freisin **i ndáil le dóchán breosla in iompar de bhóthar agus i bhfoirgnimh agus in earnálacha breise** (**CTA2**) agus tá sé ceaptha chun astaíochtaí a phraghsáil ó 2027[4] gan leithdháileadh saor in aisce agus chun cur le **laghduithe 42 % ar astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 2005** sna hearnálacha a chumhdaítear.

16. Faoin **Rialachán** athbhreithnithe **maidir le Comhroinnt Díchill**, leagtar síos i reachtaíocht an Aontais spriocanna ceangailteacha feabhsaithe aonair maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nach gcumhdaítear le CTA AE atá ann cheana, eadhon iompar intíre (seachas eitlíocht), foirgnimh, talmhaíocht, dramhaíl agus tionscail bheaga, chun **sprioc laghdaithe 40 %** a bhaint amach ar **astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leibhéal an Aontais faoi 2030 i gcomparáid le 2005**.

17. In earnáil **LULUCF**, ghlac an tAontas **sprioc glanaistrithe gás ceaptha teasa de chuid an Aontais de 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$**, mar shuim de ghlanastaíochtaí agus glanaistrithe gás ceaptha teasa arna tuairisciú san earnáil in 2030. Ina theannta sin, áirítear sa reachtaíocht nua anois na hastaíochtaí agus na haistrithe uile arna dtuairisciú don talamh bainistithe go léir san Aontas.

18. I ndáil le **gluaisteáin agus veaineanna nua**, ghlac an tAontas reachtaíocht chun **astaíochtaí $CO_2$ a laghdú 55 %do ghluaisteáin nua agus 50 % do veaineanna nua ó 2030 go 2034, agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú 100 % ó 2035 do ghluaisteáin agus veaineanna nua**.

19. Comhaontaíodh **spriocanna** uaillmhianacha chun **éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú** i meascán fuinnimh an Aontais. I gcomhréir le plean an Choimisiúin Eorpaigh chun an Eoraip a dhéanamh neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh 2030, (REPowerEU), chomhaontaigh an tAontas an uaillmhian maidir le coigilteas fuinnimh a mhéadú trí sprioc fheabhsaithe chun **ídiú fuinnimh deiridh ar leibhéal an Aontais a laghdú 11.7 % in 2030** agus sprioc nua chun **fuinneamh in-athnuaite san ídiú fuinnimh deiridh a mhéadú 42.5 % ar a laghad faoi 2030**, agus breisiú táscach breise de 2.5 % a bheith ann lena bhféadfaí 45 % a bhaint amach.

---

[4] I gcás ina mbeidh praghsanna arda eisceachtúla gáis agus ola ann sna míonna roimh thús beartaithe CTA2, tosóidh an córas sin ag feidhmiú ó 2028. Mar sin féin, níl aon athrú ar an uaillmhian ó thaobh laghduithe gás ceaptha teasa de.

***Gnéithe breise a bhaineann le hiarrachtaí foriomlána an Aontais maidir le gníomhú ar son na haeráide***

20. Is féidir ról lárnach a bheith ag **breoslaí inbhuanaithe iompair** i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. I mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023 faoi seach, tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa ar **chomhaontú maidir leis an togra 'FuelEU Maritime' agus an togra 'ReFuelEU Aviation**' chun glacadh breoslaí inbhuanaithe ag aerárthaí agus ag longa a mhéadú agus a lorg comhshaoil a laghdú.

21. Tá glactha ag Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh rialachán maidir le himscaradh **bonneagair breoslaí malartacha** chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an bpobal ar líonra bonneagair leordhóthanach le haghaidh feithiclí bóthair nó longa a athluchtú nó a athbhreoslú le breoslaí malartacha, agus tiocfaidh sé i bhfeidhm go luath. Beidh ról tábhachtach ag an rialachán atá beartaithe chun dlús a chur le himscaradh an bhonneagair sin ionas nach gcuirfear bac ar ghlacadh feithiclí agus long astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle, rud a chuirfidh tús le fáinne óir, agus a chuirfidh ar chumas na hearnála iompair a lorg carbóin a laghdú go suntasach.

22. I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhormhuinigh ceannairí an Aontais i mí Iúil 2020 go mbeadh sprioc fhoriomlán aeráide de **30 % infheidhme maidir le méid iomlán an chaiteachais ó bhuiséad an Aontais agus ó ionstraimí téarnaimh breise** d'fhonn cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a chomhlíonadh faoi 2050 agus rannchuidiú le sprioc aeráide nua an Aontais do 2030 a bhaint amach. Dhearbhaigh siad gur cheart, mar phrionsabal ginearálta, caiteachas uile an Aontais a bheith i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Leis an méid sin agus le bearta eile ar nós CTA AE, chomh maith le beartais bhreise margaidh airgeadais, e.g. Creat Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais, tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme Airteagal 2.1.(c) chun sreabha airgeadais a chur i gcomhréir le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le conair forbartha atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.

23. Chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar bhealach cothrom, gan aon duine a fhágáil ar lár, bhunaigh an tAontas **Ciste Aeráide Sóisialta chun tacú le teaghlaigh leochaileacha**, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair déileáil le tionchar phraghsanna an chórais nua trádála astaíochtaí le haghaidh na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar agus breoslaí le haghaidh earnálacha eile. I bprionsabal, ba cheart uasmhéid EUR 65 bhilliún a chur ar fáil don tréimhse ó 2026 go 2032 i gcomhréir leis na hairteagail a leagtar amach ina Rialachán[5].

24. Leis an athbhreithniú ar CTA AE, neartaítear freisin an **Ciste don Nuachóiriú arna chistiú ag CTA AE chun rannchuidiú leis na riachtanais shuntasacha infheistíochta atá ag na 13 Bhallstát ina bhfuil ioncam níos ísle, ó 2024**. Áirítear leis tacaíocht d'infheistíochtaí chun na córais fuinnimh a nuachóiriú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i stóráil fuinnimh, i nginiúint agus in úsáid foinsí in-athnuaite agus chun gréasáin fuinnimh a nuachóiriú, lena n-áirítear píblínte, eangacha agus téamh ceantair, lena gcuirtear **an t-aistriú cóir** chun cinn i réigiúin atá spleách ar charbón. Cistítear an Ciste don Nuachóiriú ó ioncam ó 2 % d'iomlán na lamháltas le haghaidh 2021-30 a chur ar ceant faoi CTA AE agus ó liúntais bhreise arna n-aistriú ag na Ballstáit is tairbhithe – ar roghnaigh 5 cinn díobh an méid sin a dhéanamh. Cuirfear 2.5 % breise de chainníocht iomlán na lamháltas idir 2024 agus 2030 ar ceant le haghaidh an Chiste don Nuachóiriú.

25. Ina theannta sin, tá **Ciste don Nuálaíocht an CTA AE** ar cheann de na cláir chistiúcháin is mó ar domhan chun teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin a léiriú. Leis an gCiste don Nuálaíocht, arna chistiú 100 % ag CTA AE, cuirfear tuairim is EUR 38 mbilliún de thacaíocht ar fáil ó 2020 go 2030 (arna ríomh ag EUR 75/t$CO_2$), ag brath ar phraghas an charbóin, chun léiriú tráchtála a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin, arb é is aidhm dóibh réitigh thionsclaíocha a chur ar an margadh chun an Eoraip a dhícharbónú agus tacú lena aistriú chuig an aeráidneodracht.

[5] RIALACHÁN (AE) 2023/955 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060

26. Cuirfidh **sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT)** praghas ar chion carbóin de raon táirgí allmhairithe spriocdhírithe. Is é príomhchuspóir SCCT sceitheadh carbóin agus méaduithe ar astaíochtaí i dtríú tíortha a chosc trína áirithiú go mbeidh an praghas céanna carbóin ar tháirgí allmhairithe áirithe agus atá ar tháirgeoirí intíre an Aontais. Cuirfear i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach é atá comhsheasmhach le rialacha trádála idirnáisiúnta, agus beidh a chur i bhfeidhm mar bhonn do chomhar idirnáisiúnta níos doimhne.

27. Tá an tAontas tiomanta cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus atá freagrúil ó thaobh inscne de a chur chun cinn maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide mar aon le ceartas sóisialta, cothroime agus cuimsitheacht san aistriú domhanda i dtreo na haeráidneodrachta, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas iomlán, comhionann agus fóinteach na mban i gcinnteoireacht a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn agus ár n-oibleagáidí maidir le cearta an duine a chomhlíonadh go hiomlán agus gníomhaíocht á déanamh aige chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

## II. NUASHONRÚ AR RANNCHUIDIÚ AN AONTAIS AGUS A BHALLSTÁT ARNA CHINNEADH GO NÁISIÚNTA (NDC)

28. Tá an tAontas agus a Bhallstáit, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, tiomanta do sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de, is é sin **laghdú intíre**[6] **55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 1990 faoi 2030**.

29. Cuirtear an doiciméad**[7]** seo in ionad aighneas an Aontais agus a Bhallstát an 17 Nollaig 2020 atá i gclárlann NDCanna Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus, measfar, ón dáta a gheobhaidh an Rúnaíocht an aighneacht sin, gurb é an t-aighneas sin an NDC reatha atá á choinneáil ag an Aontas agus ag a Bhallstáit faoi Airteagal 4 de Chomhaontú Pháras.

---

**6** Ciallaíonn an téarma 'intíre' gan creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid.
**7** I gcomhréir le mír 29 de dhréacht an Aontais agus a Bhallstát an 17 Nollaig.

## III. AN FHAISNÉIS IS GÁ Ó THAOBH SOILÉIREACHTA, TRÉDHEARCACHTA AGUS TUISCEANA DE A MHÉID A BHAINEANN LE NDC AN AONTAIS

30. In 2018, in Katowice, ag an gcéad seisiún de COP a bhí ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras (CMA1), tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an treoir i ndáil leis an bhfaisnéis is gá ar mhaithe le soiléireacht, trédhearcacht agus tuiscint (ICTU) de réir mar is infheidhme maidir lena NDCanna.

31. Leis an gCuid seo, déantar an ICTU a nuashonrú ó dháta na haighneachta seo.

**IARSCRÍBHINN**

## FAISNÉIS CHUN SOILÉIREACHT, TRÉDHEARCACHT AGUS TUISCINT A ÉASCÚ MAIDIR LE RANNCHUIDIÚ NUASHONRAITHE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS A BHALLSTÁT, ARNA CHINNEADH GO NÁISIÚNTA, DON TRÉIMHSE 2021-2030

| **An fhaisnéis is gá ó thaobh soiléireachta, trédhearcachta agus tuisceana de a mhéid a bhaineann le NDC an Aontais** | | |
|---|---|---|
| *Mír* | *Treoir curtha ar fáil ag CMA 1* | *ICTU is infheidhme maidir le NDC an Aontais* |
| **1** | **Faisnéis inchainníochtaithe maidir leis an bpointe tagartha (lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, bonnbhliain):** | |
| (a) | Bliain tagartha nó blianta tagartha, bonnbhliain nó bonnbhlianta, tréimhse thagartha nó tréimhsí tagartha nó túsphointe nó túsphointí eile; | 1990 |
| (b) | Faisnéis inchainníochtaithe maidir leis na táscairí tagartha, a luachanna sa bhliain/sna blianta tagartha, don bhonnbhliain nó bonnbhlianta, don tréimhse thagartha nó tréimhsí tagartha nó túsphointe nó túsphointí eile, agus, de réir mar is infheidhme, don spriocbhliain; | Beidh cainníochtú an táscaire tagartha bunaithe ar iomláin náisiúnta arna dtuairisciú sa tuarascáil ar an bhfardal náisiúnta ón Aontas Eorpach agus féadfar é a nuashonrú mar gheall ar fheabhsuithe modheolaíochta ar an bhfardal GCT. |
| (c) | Maidir le straitéisí, pleananna agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4, mír 6, de Chomhaontú Pháras, nó beartais agus bearta mar chomhpháirteanna de rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta i gcás nach bhfuil mír 1(b) thuas infheidhme, cuirfidh páirtithe faisnéis ábhartha eile ar fáil; | Ní infheidhme |
| (d) | Sprioc i gcoibhneas leis an táscaire tagartha, arna sloinneadh go huimhriúil, mar shampla, i dtéarmaí céatadáin nó mar mhéid an laghdaithe; | Glanlaghdú intíre[1] 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030 i gcomparáid le 1990. |
| (e) | Faisnéis faoi fhoinsí na sonraí a úsáidtear chun an pointe tagartha nó na pointí tagartha a chainníochtú; | Beidh cainníochtú an táscaire tagartha bunaithe ar shonraí arna dtuairisciú sa tuarascáil ar an bhfardal náisiúnta ón Aontas Eorpach. |
| (f) | Faisnéis maidir leis na himthosca faoina bhféadfaidh an Páirtí luachanna na dtáscairí tagartha a nuashonrú. | Féadfar luachanna a nuashonrú mar gheall ar fheabhsuithe modheolaíochta ar an bhfardal GCT. |

[1] Ciallaíonn an téarma 'intíre' gan creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid.

| | | |
|---|---|---|
| **2** | **Tréimhsí ama agus/nó tréimhsí cur chun feidhme:** | |
| (a) | Tréimhse ama agus/nó tréimhse cur chun feidhme, lena n-áirítear an dáta tosaigh agus an dáta deiridh, i gcomhréir le haon chinneadh ábhartha eile arna ghlacadh ag Comhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras (CMA); | 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030 |
| (b) | Cibé acu an sprioc aon bhliain amháin nó sprioc ilbhliantúil í, de réir mar is infheidhme. | Sprioc aon bhliain amháin, 2030 |
| **3** | **Raon feidhme agus cumhdach:** | |
| (a) | Tuairisc ghinearálta ar an sprioc; | Is é an sprioc atá ann sprioc ar fud an gheilleagair atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, is é sin glanlaghdú intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 1990 faoi 2030, gan rannchuidiú ó chreidmheasanna idirnáisiúnta. **Raon feidhme geografach:** An tAontas agus a Bhallstáit (an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn)[2]<br><br>Breithnítear sa roinn seo an reachtaíocht seo a leanas chun an sprioc fheabhsaithe a bhaint amach: Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE) 2023/857 (Rialachán ESR), **Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán LULUCF) arna leasú le Rialachán (AE) 2023/839 (Rialachán LULUCF).** Cuireann reachtaíocht bhreise agus bearta maolaithe breise, ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit, leis na laghduithe is gá chun an sprioc sin a bhaint amach mar a chumhdaítear san insint i gCuid I agus II den aighneacht seo. |

[2] Lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach (Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Mayotte, La Réunion, Saint-Martin (an Fhrainc), na hOileáin Chanáracha (an Spáinn), na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil)).

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Earnálacha, gáis, catagóirí agus taiscumair a chumhdaítear leis an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta, lena n-áirítear, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le treoirlínte an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC); | Cuirfidh an tAontas Eorpach tuilleadh sonraí ar fáil **i gcomhréir le treoirlínte IPCC sna Tuarascálacha Débhliantúla Trédhearcachta**<br>**Na hearnálacha a chumhdaítear:**<br>Fuinneamh<br>Eitlíocht: Ní chuirtear astaíochtaí ón eitlíocht shibhialta san áireamh ach amháin maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó eitiltí atá faoi réir praghsáil éifeachtach carbóin trí CTA AE. Ar na heitiltí sin cuimsítear eitiltí laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, eitiltí go dtí an Eilvéis agus eitiltí go dtí an Ríocht Aontaithe.<br>Muirí: Áirítear an loingseoireacht uisce-iompartha maidir le hastaíochtaí $CO_2$, meatáin agus ocsaíde nítriúla ó thurais laistigh den Aontas.<br>Catagóirí eile d'fhoinsí fuinnimh i gcomhréir le treoirlínte IPCC<br>Próisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí<br>Talmhaíocht<br>Dramhaíl<br>Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF) (féach Roinn 5e le haghaidh tuilleadh eolais faoin earnáil seo).<br>**Gáis:**<br>Dé-ocsaíd charbóin<br>($CO_2$) Meatán ($CH_4$)<br>Ocsaíd nítriúil<br>($N_2O$)<br>Hidreafluaracarbóin<br>(HFCanna)<br>Sárfhluaracarbóin<br>(PFCanna)<br>Heicseafluairíd sulfair<br>(($SF_6$) Trífhluairíd<br>Nítrigine ($NF_3$) |
| (c) | An chaoi ar chuir an Páirtí mír 31(c) agus (d) de Chinneadh 1/CP.21 san áireamh; (Foinsí, linnte agus má tá aon chatagóirí eisiata) | Is NDC ar fud an gheilleagair é NDC an Aontais agus dá bhrí sin comhlíonann sé an fhoráil sin. |

| | | |
|---|---|---|
| (d) | Comhthairbhí maolaithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí oiriúnaithe na bPáirtithe agus/nó as pleananna um éagsúlú eacnamaíoch, lena n-áirítear tuairisc ar thionscadail shonracha, ar bhearta agus ar thionscnaimh ghníomhaíochtaí oiriúnaithe na bPáirtithe agus/nó ar phleananna um éagsúlú eacnamaíoch. | Ní bhaineann le hábhar |
| **4** | **Próisis phleanála:** | |
| (a)<br><br><br>(i) | Faisnéis maidir leis na próisis phleanála a ghlac an Páirtí air féin chun a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta a ullmhú agus, má tá sí ar fáil, faisnéis maidir le pleananna cur chun feidhme an Pháirtí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:<br><br>socruithe institiúideacha intíre, rannpháirtíocht phoiblí agus rannpháirtíocht le pobail áitiúla agus le pobail dhúchasacha, ar bhonn inscne-fhreagrúil; | Bunaíodh ábhar NDC AE ar mheasúnú tionchair fairsing[3], chomh maith le hionchur ó gheallsealbhóirí, a bailíodh trí chomhairliúchán poiblí[4].<br><br>Ullmhaítear NDC AE i gcomhthéacs thiomantas an Aontais do chomhionannas inscne agus do thosaíochtaí leathana, mar a léirítear i ngealltanais ar nós: an gealltanas sineirgí a chruthú agus a uasmhéadú idir na gnéithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha den fhorbairt inbhuanaithe[5]; na gnéithe de chearta an duine agus den chomhionannas inscne a bheith á gcomhtháthú ag na Ballstáit ina bpleananna agus straitéisí náisiúnta faoin Rialachán maidir le Rialachas Fuinnimh agus Aeráide[6], an Comhaontú Eorpach maidir le Comhionannas Inscne[7]; tacaíocht an Aontais do ghlacadh Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach[8]. Tá sé d'aidhm ag an Aontas rannpháirtíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach agus rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann, éifeachtach agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a spreagadh ar gach leibhéal den ghníomhaíocht ar son na haeráide agus den chinnteoireacht. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le |

3 Doiciméad inmheánach oibre SWD (2020) 176

4 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12265-2030-Climate-Target-Plan/public-consultation

5 Conclúidí ón gComhairle an 9 Aibreán 2019, 'I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030'

6 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12265-2030-Climate-Target-Plan/public-consultation

7 Conclúidí ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir leis an gComhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020)

8 Conclúidí ón gComhairle an 15 Bealtaine 2017 maidir le Pobail Dhúchasacha

(ii)

ábhair chomhthéacsúla, lena n-áirítear, *inter alia*, de réir mar is iomchuí:

a) imthosca náisiúnta, mar shampla, tíreolaíocht, geilleagar na haeráide, forbairt inbhuanaithe agus díothú na bochtaineachta
b) dea-chleachtais agus taithí a bhaineann le hullmhú an Rannchuidithe arna Chinneadh go Náisiúnta
c) mianta agus tosaíochtaí comhthéacsúla eile a admhaítear nuair a théann siad isteach i gComhaontú Pháras

rannpháirteachas fóinteach na hóige agus na leanaí i bpróisis chinnteoireachta a bhaineann leis an athrú aeráide agus leanfaidh sé de bheith ag tacú le hoideachas agus oiliúint aeráide agus de bheith ag cur le feasacht an phobail i dtaobh an athraithe aeráide. Is díol sásaimh don Aontas an t-aitheantas a thug Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur ceart daonna é an ceart chun comhshaoil ghlan shláintiúil inbhuanaithe agus go nglacfaidh sé páirt ghníomhach sa phlé chun an ceart sin a chur chun cinn agus chun an cuimsiú agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Aithníonn an tAontas rannchuidiú chosantóirí chearta an duine a mhéid a bhaineann leis an gcomhshaol, a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar bhagairtí agus ionsaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

Tá gníomhartha reachtacha uile an Aontais faoi réir comhairliúchán poiblí sula nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh iad. Leagtar amach na socruithe rialachais i Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide agus i Rialachán (AE) 2021/1119 maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach. Áirítear leis sin córas rialachais feabhsaithe a bhaineann le pleanáil, tuairisciú agus faireachán comhtháite i réimsí beartais aeráide agus fuinnimh, lena n-áirítear maidir le spriocanna aeráide agus fuinnimh, beartais, bearta agus réamh-mheastacháin, fardail agus forálacha maidir le rannpháirtíocht phoiblí il-leibhéil chomh maith le comhairliúcháin phoiblí a bheidh le reáchtáil ag na Ballstáit agus iad ag ullmhú na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide lena gcuirtear a spriocanna beartais chun feidhme suas go dtí 2030. Áirítear ar na gníomhartha dlíthiúla sin clásail athbhreithnithe i gcomhréir leis an timthriall 5 bliana i dtaca le gníomhaíocht uaillmhianach mhéadaitheach ar son na haeráide faoi Chomhaontú Pháras.

Ina theannta sin, tá bearta á gcur chun feidhme ag an Aontas chun tacú le cur chun feidhme Airteagal 2.1(c) de Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear, i measc nithe eile, CTA AE, nó Creat Airgeadais Inbhuanaithe an Aontais, lena n-áirítear maidir le beartas an mhargaidh airgeadais agus tá sé ag leanúint de bheith ag obair chun sreabha airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le conair forbartha atá athléimneach ó thaobh na haeráide de

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Faisnéis shonrach is infheidhme maidir le Páirtithe, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha comhtháthaithe eacnamaíoch agus a mBallstáit, a tháinig ar chomhaontú chun gníomhú go comhpháirteach faoi Airteagal 4, mír 2, de Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear na Páirtithe a chomhaontaigh gníomhú go comhpháirteach agus téarmaí an chomhaontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 4, míreanna 16–18, de Chomhaontú Pháras | Leis seo, cuireann an tAontas agus a Bhallstáit in iúl do Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide go bhfuil sé ar intinn acu gníomhú go comhpháirteach faoi Airteagal 4.2 de Chomhaontú Pháras faoin reachtaíocht a leagtar amach i roinn 3(a) thuas, ina ndéantar cur síos ar an gcaoi a mbeidh an tAontas agus a Bhallstáit freagrach as an NDC sin a bhaint amach.<br><br>Is iad seo a leanas na laghduithe ar na hastaíochtaí faoi seach.<br>• Faoi Threoir (AE) 2023/959 ó chóras AE i ndáil le trádáil astaíochtaí: **Déanfaidh an tAontas a chuid astaíochtaí ó na hearnálacha a chumhdaítear leis an reachtaíocht seo a laghdú 62 % ó leibhéil 2005 faoi 2030.**<br>• Le Rialachán (AE) 2023/857, leagtar síos sprioc 40 % ar leibhéal an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030 i gcomparáid le 2005, i gcás na n-earnálacha a chumhdaítear leis. **Laghdóidh gach Ballstát de chuid an Aontais a chuid astaíochtaí ó leibhéil 2005 faoi 2030 i gcomhréir leis an gcéatadán seo a leanas: An Bheilg 47 %, an Bhulgáir 10 %, an tSeicia 26 %, an Danmhairg 50 %, an Ghearmáin 50 %, an Eastóin 24 %, Éire 42 %, an Ghréig 22.7 %, an Spáinn 37.7 %, an Fhrainc 47.5 %, an Chróit 16.7 %, an Iodáil 43.7 %, an Chipir 32 %, an Laitvia 17 %, an Liotuáin 21 %, Lucsamburg 50 %, an Ungáir 18.7 %, Málta 19 %, an Ísiltír 48 %, an Ostair 48 %, an Pholainn 17.7 %, an Phortaingéil 28.7 %, an Rómáin 12.7 %, an tSlóivéin 27 %, an tSlóvaic 22.7 %, an Fhionlainn 50 %, an tSualainn 50 %.**<br>• Leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/839 (lena leasaítear Rialachán (AE) 218/841) **sprioc cheangailteach de chuid an Aontais maidir le glan-aistrithe in earnáil LULUCF**. Is é raon feidhme geografach na sprice anois an limistéar iomlán a chumhdaítear le talamh bainistithe san Aontas. Tá sprioc cheangailteach náisiúnta do 2030 ag gach Ballstát maidir le glanaistrithe gás ceaptha teasa a mhéadú, **lena mbainfear amach i dteannta a chéile sprioc chomhchoiteann an Aontais maidir le glanaistrithe 310 Mt $CO_2$.**<br>• **Ina theannta sin, geallann gach Ballstát suim glanastaíochtaí agus glanaistrithe gás ceaptha teasa a bhaint amach don tréimhse ó 2026 go 2029.** |

| | | |
|---|---|---|
| | | • **Is é an sprioc le haghaidh 2030 do gach Ballstát méadú ar ghlanaistrithe i gcomparáid leis na sonraí ó 2016 go 2018 a thuairisceofar in 2032, mar seo a leanas: An Bheilg -320Kt coibhéis $CO_2$, an Bhulgáir -1163kt coibhéis $CO_2$, an tSeicia -827kt coibhéis $CO_2$, an Danmhairg -441Kt coibhéis $CO_2$, an Ghearmáin -3751Kt coibhéis $CO_2$, an Eastóin -434Kt coibhéis CO2, Éire -626Kt coibhéis $CO_2$, an Ghréig -1154Kt coibhéis $CO_2$, Spáinn -5309Kt coibhéis $CO_2$, an Fhrainc -6693Kt coibhéis $CO_2$, an Chróit -593Kt coibhéis $CO_2$, an Iodáil -3158Kt coibhéis CO2, an Chipir -63Kt coibhéis $CO_2$, an Laitvia -639Kt coibhéis $CO_2$, an Liotuáin -661Kt coibhéis $CO_2$, Lucsamburg -27Kt coibhéis $CO_2$, an Ungáir -934Kt coibhéis $CO_2$, Málta -2Kt coibhéis $CO_2$, an Ísiltír -435Kt coibhéis $CO_2$, an Ostair -879Kt coibhéis $CO_2$, an Pholainn -3278Kt coibhéis $CO_2$, an Phortaingéil -968Kt coibhéis $CO_2$, an Rómáin -2380Kt coibhéis $CO_2$, an tSlóivéin -212Kt coibhéis $CO_2$, an tSlóvaic -504Kt coibhéis $CO_2$, an Fhionlainn -2889Kt coibhéis $CO_2$, an tSualainn -3955Kt coibhéis $CO_2$**. |
| (c) | Mar a bunaíodh an chaoi a n-ullmhaíonn an Páirtí a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta ar thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 9, de Chomhaontú Pháras; | Leagfaidh an tAontas síos a sprioc aeráide i gcomhréir leis an Dlí Aeráide Eorpach. Chuige sin, laistigh de 6 mhí ar a dhéanaí ón gcéad Athbhreithniú Domhanda, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach, de réir mar is iomchuí, maidir le sprioc aeráide uile-Aontais do 2040 bunaithe ar mheasúnú tionchair mionsonraithe, de réir Airteagal 4.3 den Dlí Aeráide Eorpach RIALACHÁN (AE) 2021/1119 ó PHARLAIMINT na hEORPA agus ón gCOMHAIRLE an 30 Meitheamh 2021. |

| | | |
|---|---|---|
| (d)<br><br><br><br><br><br>(i)<br><br><br><br>(ii) | Gach Páirtí ag a bhfuil rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta faoi Airteagal 4 de Chomhaontú Pháras ina bhfuil gníomhaíocht oiriúnaithe agus/nó pleananna éagsúlaithe eacnamaíoch a bhfuil mar thoradh orthu comhthairbhí maolaithe atá comhsheasmhach le hAirteagal 4, mír 7, de Chomhaontú Pháras chun faisnéis a thíolacadh maidir leis na nithe seo a leanas:<br><br>An chaoi a mbreithníodh iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta na mbeart freagartha agus an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta á fhorbairt;<br><br>Tionscadail shonracha, bearta sonracha agus gníomhaíochtaí sonracha atá le cur chun feidhme chun rannchuidiú le comhthairbhí maolaithe, lena n-áirítear faisnéis maidir le pleananna oiriúnaithe a mbíonn comhthairbhí maolaithe mar thoradh orthu freisin, a d'fhéadfadh na príomhearnálacha a chumhdach, ach gan a bheith teoranta dóibh, mar shampla fuinneamh, acmhainní, acmhainní uisce, acmhainní cósta, lonnaíochtaí daonna agus pleanáil uirbeach, talmhaíocht agus foraoiseacht; agus gníomhaíochtaí éagsúlaithe eacnamaíocha, a d'fhéadfadh earnálacha áirithe a chumhdach, ach gan a bheith teoranta dóibh, mar shampla monarú agus tionscal, fuinneamh agus mianadóireacht, iompar agus cumarsáid, foirgníocht, turasóireacht, eastát réadach, talmhaíocht agus iascach | Ní infheidhme. |
| **5** | **Toimhdí agus cineálacha cur chuige modheolaíochta, lena n-áirítear iad siúd chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha agus chun cuntas a thabhairt orthu agus, de réir mar is iomchuí, aistrithe:** | |
| (a) | Toimhdí agus cineálacha cur chuige modheolaíocha a úsáidtear chun cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa antrapaigineacha a chomhfhreagraíonn do rannchuidiú an Pháirtí arna chinneadh go náisiúnta, comhsheasmhach le cinneadh 1/CP.21, mír 31, agus treoir chuntasaíochta arna glacadh ag CMA; | Tá cur chuige reatha an Aontais maidir le cuntasaíocht i gcomhréir le modheolaíochtaí agus le méadrachtaí comhchoiteanna a ndéanann IPCC measúnú orthu (féach 5(d), thíos). Faoin 31 Nollaig 2024 ar a dhéanaí, beidh an cur chuige i gcomhréir leis an treoir chuntasaíochta le haghaidh rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta atá in Iarscríbhinn II de Chinneadh 4/CMA.1. |

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Toimhdí agus cineálacha cur chuige modheolaíocha a úsáidtear chun cuntas a thabhairt ar chur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart nó na straitéisí sa rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta; | Ní infheidhme. Is laghdú iomlán, uile-gheilleagair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa é NDC AE. |
| (c) | Más infheidhme, faisnéis maidir leis an gcaoi a gcuirfidh an Páirtí san áireamh modhanna agus treoir atá ann cheana faoin gCoinbhinsiún chun míniú a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe antrapaigineacha, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 14, de Chomhaontú Pháras, de réir mar is iomchuí; | Féach 5 (d), thíos. |
| (d) | Modheolaíochtaí agus méadrachtaí IPCC a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa antrapaigineacha; | Modheolaíochtaí: Treoirlínte IPCC 2006.<br>Méadraigh: Poitéinseal téimh dhomhanda ar scála ama 100 de réir an 5ú Tuarascáil Mheasúnachta IPCC. |
| (e) | Toimhdí, modheolaíochtaí agus modheolaíochtaí a bhaineann go sonrach le hearnáil, catagóir nó gníomhaíocht ar leith cineálacha cur chuige atá comhsheasmhach le treoir IPCC, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear, de réir mar is infheidhme: | Cuireann creat beartais LULUCF an Aontais le treoir IPCC, le prionsabail TACCC agus leis na rialacha cuntasaíochta atá ann cheana, á nuashonrú agus á bhfeabhsú don tréimhse ó 2021 go 2030. Leis an gcreat beartais, ó 2026 ar aghaidh, cuirtear glanastaíochtaí agus glanaistrithe tuairiscithe i bhfeidhm, rud a chuireann leis an aidhm feabhas a chur ar ghlanlinnte talún an Aontais san fhadtéarma. |
| (i) | Cur chuige i leith aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe ó shuaitheadh nádúrtha ar thailte bainistithe; | Féadfaidh na Ballstáit, sa tréimhse 2021 go 2025, foráil a úsáid maidir le suaitheadh nádúrtha ar thalamh foraoisithe agus ar thalamh foraoise bainistithe mar a leagtar amach in Airteagal 10 agus in Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2018/841 (arna leasú le Rialachán 2023/839). Ó 2026 ar aghaidh, ní chuirfear an fhoráil sin i bhfeidhm a thuilleadh. |
| (ii) | Cur chuige a úsáidtear chun cuntas a thabhairt ar astaíochtaí agus aistrithe ó tháirgí adhmaid lománaithe; | Úsáideann an tAontas Cur Chuige an Táirgthe mar a shainmhínítear i dTreoirlínte IPCC é; Féach freisin Airteagal 9 agus Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2018/841 **(arna leasú le Rialachán 2023/839).** Foráiltear le rialachán athbhreithnithe 2023/839 d'athbhreithniú gníomhach ar tháirgí nuálacha stórála carbóin. |
| (iii) | An cur chuige a úsáidtear chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí a bhíonn ag struchtúr aois-aicme i bhforaoisí; | Go dtí 2025, cuirtear san áireamh sna leibhéil tagartha réamh-mheasta le haghaidh Talamh Foraoise Bainistithe (talamh foraoise a fhanann ina thalamh foraoise) struchtúr aois-aicme na bhforaoisí ionas go gcuirfear athruithe i gcleachtais bhainistíochta san áireamh; Airteagal 8 agus Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2018/841 (**arna leasú le Rialachán 2023/839).** Ó 2026 ar aghaidh, ní chuirtear na leibhéil tagartha i bhfeidhm a thuilleadh. |

| | | |
|---|---|---|
| (f) | Toimhdí agus cineálacha cur chuige modheolaíocha eile a úsáidtear chun tuiscint a fháil ar an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta agus, más infheidhme, meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe comhfhreagracha, lena n-áirítear: | |
| (i) | An chaoi a gcuirtear le chéile na táscairí tagartha, an bonnlíne nó na bonnlínte agus/nó an leibhéal tagartha/na leibhéil tagartha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na leibhéil tagartha a bhaineann go sonrach le hearnáil, catagóir nó gníomhaíocht ar leith, lena n-áirítear, mar shampla, príomhpharaiméadair, toimhdí, sainmhínithe, modheolaíochtaí, foinsí sonraí agus samhlacha a úsáidtear; | Forbraíodh cur chuige an Aontais i gcomhréir le treoirlínte IPCC 2006 d'fhardail GCT; comhsheasmhach le cinneadh 18/CMA.1. Le cinneadh CMA (5/CMA.3) ceadaítear do Pháirtithe mionchoigeartú IPCC 2019 a úsáid ar bhonn deonach freisin. Thosaigh roinnt Ballstát ag baint úsáid as an mionchoigeartú, rud a léirítear i bhfardal an Aontais freisin. Cuirtear an sprioc san áireamh in aghaidh glan-aistrithe GCT (astaíochtaí) a tharlaíonn ar chríocha na mBallstát maidir leis an méid seo a leanas:<br>Catagóirí LULUCF: Astaíochtaí agus aistrithe a tharlaíonn ar chatagóirí tuairiscithe de thalamh foraoise, talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí, talamh eile, táirgí adhmaid lománaithe, talamh eile, sil-leagan atmaisféarach agus láisteadh nítrigine agus rith chun srutha, lena n-áirítear athrú ar thalamhúsáid idir na catagóirí sin.<br>Taiscumair LULUCF: Bithmhais bheo; Bruscar; Adhmad marbh; Carbón orgánach ithreach in ithreacha mianracha; Carbón orgánach ithreach in ithreacha orgánacha; Táirgí adhmaid lománaithe<br>Gáis LULUCF: $CO_2$, $CH_4$, $N_2O$ |
| (ii) | Do Pháirtithe ag a bhfuil rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta agus ina bhfuil comhpháirteanna gás ceaptha teasa, faisnéis maidir le toimhdí agus cineálacha cur chuige modheolaíocha a úsáidtear i ndáil leis na comhpháirteanna sin, de réir mar is infheidhme; | Ní infheidhme. Is sprioc iomlán uile-gheilleagair é NDC AE maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair. |
| (iii) | Maidir le fórsaí aeráide a áirítear i rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta nach gcumhdaítear le treoirlínte IPCC, faisnéis maidir leis an gcaoi a ndéantar meastachán ar na fórsaí aeráide; | Ní infheidhme. Ní áirítear le NDC AE ach gníomhaithe fórsála a chumhdaítear le treoirlínte IPCC (féach Roinn 3 b). |
| (iv) | Tuilleadh faisnéise teicniúla, de réir mar is gá; | Ní infheidhme. |

| | | |
|---|---|---|
| (g) | An rún feidhm a bhaint as comhar deonach faoi Alt 6 de Chomhaontú Pháras, más infheidhme. | Tá sprioc an Aontais maidir le glanlaghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 le baint amach trí bhearta intíre amháin, gan rannchuidiú ó chreidmheasanna idirnáisiúnta.<br><br>Tá an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin rannpháirteach in CTA AE ó 2008 i leith, agus tháinig comhaontú a nascann an tAontas agus córais trádála astaíochtaí na hEilvéise i bhfeidhm in 2020. Tá an tAontas ag féachaint i gcónaí ar na féidearthachtaí atá ann chun CTA AE a nascadh le córais láidre trádála astaíochtaí eile.<br><br>Tabharfaidh an tAontas cuntas ar a chomhar trí CTA AE leis na Páirtithe sin agus le haon Pháirtí eile ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis an treoir arna glacadh ag CMA1 agus le haon treoir bhreise arna comhaontú ag CMA. |
| **6** | **An chaoi a measann an Páirtí go bhfuil a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta cothrom agus uaillmhianach i bhfianaise a imthosca náisiúnta:** | |
| (a) | An chaoi a measann an Páirtí go bhfuil a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta cothrom agus uaillmhianach i bhfianaise a imthosca náisiúnta; | Tá an NDC AE uaillmhianach agus cothrom ós rud é go gcuirfidh sé ceann de na geilleagair thionsclaíocha is mó ar domhan atá spleách ar bhreosla iontaise, é ar chonair i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050, agus cothroime agus dlúthpháirtíocht á gcur san áireamh ar fud na mBallstát a bhfuil imthosca náisiúnta éagsúla acu.<br><br>Léiríonn NDC sprioc 2030 an Aontais, atá ceangailteach de réir an Dlí Aeráide Eorpaigh lena gcuirtear de cheangal ar an Aontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Déanfaidh an tAontas sprioc 2030 a bhaint amach i dteannta a chéile, ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, tríd an bpacáiste reachtaíochta ‘Oiriúnach do 55’. Beidh Ballstáit uile an Aontais rannpháirteach san iarracht sin ar bhealach ina gcuirfear san áireamh túsphointí éagsúla na mBallstát, imthosca sonracha náisiúnta agus an cumas astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear Ballstáit oileánacha agus oileáin, chomh maith leis na hiarrachtaí a rinne siad go dtí seo. |

Leis an Dlí Aeráide Eorpach, cruthaítear córas chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus soláthraítear bunús dlí chun gníomhaíocht bhreise a dhéanamh más gá. Cuireann sé intuarthacht ar fáil d'infheisteoirí agus do ghníomhaithe eacnamaíocha eile agus áirithíonn sé nach féidir dul siar ar an aistriú chuig an aeráidneodracht.

Tá dea-theist ar an Aontas le fada maidir lena chuid beartas aeráide a chur i gcrích. Tháinig laghdú 1939 milliún tona de choibhéis $CO_2$ ó 1990 (nó 34.3 %) ar a astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána (seachas LULUCF agus eitlíocht idirnáisiúnta) agus bhain sé an leibhéal is ísle amach le linn na tréimhse sin in 2020 (3708 milliún tona de choibhéis $CO_2$). Tá an tAontas tar éis a olltáirgeacht intíre (OTI) a dhíchúpláil de réir a chéile óna astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 1990, le méadú 54 % ar OTI mar aon le laghdú thart ar 34 % ar astaíochtaí le linn na tréimhse céanna.

Chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach ar bhealach cothrom, gan aon duine a fhágáil ar lár, bhunaigh an tAontas Ciste Aeráide Sóisialta chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair agus úsáideoirí iompair déileáil le tionchar phraghsanna an chórais nua trádála astaíochtaí le haghaidh na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar agus breoslaí le haghaidh earnálacha eile. Ba cheart, go heisceachtúil agus go sealadach, an Ciste a mhaoiniú go díreach le hioncam lamháltas ó CTA.

Leis an athbhreithniú ar CTA AE, neartaítear freisin an Ciste don Nuachóiriú arna chistiú ag CTA AE chun rannchuidiú leis na riachtanais shuntasacha infheistíochta atá ag na 13 Bhallstát ina bhfuil ioncam níos ísle, ó 2024. Áirítear leis sin tacaíocht d'infheistíochtaí i stóráil fuinnimh, i nginiúint agus in úsáid foinsí in-athnuaite agus i nuachóiriú gréasán fuinnimh, lena n-áirítear píblínte, eangacha agus téamh ceantair, lena gcuirtear an t-aistriú cóir chun cinn i réigiúin atá spleách ar charbón.

| | | |
|---|---|---|
| (b) | Breithnithe cothroime, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar an gcothroime sin; | De réir an 6ú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC, ní mór d'astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda laghdú thart ar 43 % faoi bhun leibhéil 2019 faoi 2030 chun bheith ar an mbóthar ceart chun téamh a theorannú go 1.5 C. Tá sprioc '-55 % ar a laghad' an Aontais i gcomhréir leis an leibhéal laghdaithe sin, ag tógáil ar na laghduithe suntasacha ar astaíochtaí a bhain an tAontas amach ón mbonnbhliain 1990.<br><br>Tá na cásanna IPCC is uaillmhianaí (atá comhsheasmhach le 1.5 C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú atá teoranta) cosúil leo siúd atá i dTuarascáil Speisialta 2018 maidir le 1.5 °C lenar cuireadh bonn eolais faoi sprioc an Aontais "-55 % ar a laghad", chomh maith le cuspóir aeráidneodrachta 2050 an Aontais. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, beidh an tAontas ag dícharbónú níos tapúla ná an luas is gá don domhan ina iomláine sna cásanna sin. Le haghaidh 2050, téann cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach thar an leibhéal glan nialasach le haghaidh $CO_2$ (amháin) a bhfuil gá leis ar an leibhéal domhanda thart ar an am sin.<br><br>Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil laghdú déanta cheana féin ag an Aontas ar astaíochtaí ceaptha teasa go 31 % faoi bhun leibhéil 1990, agus go bhfuil ardú os cionn 50 % tagtha ar astaíochtaí ar fud an domhain. Tá spriocanna 2020 sáraithe go mór ag an Aontas, fiú gan éifeachtaí phaindéim COVID-19 a chur san áireamh. Le linn na tréimhse sin, laghdaigh astaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát níos mó ná astaíochtaí aon mhórgheilleagair fhorbartha eile nó aon gheilleagair atá i mbéal forbartha.<br><br>Ar bhonn *per capita*, tá astaíochtaí an Aontais i measc na n-astaíochtaí is ísle d'aon mhórgheilleagar ardioncaim agus níos ísle ná roinnt geilleagar atá ag teacht chun cinn.<br><br>Dearbhaítear freisin sa 6ú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC go raibh |

| | | |
|---|---|---|
| | | tiomantas marthanach gníomhú ar son na haeráide, tiomantas an Aontais mar shampla, éifeachtach sna réigiúin ina ndearnadh iarracht air. Measann sé freisin gur tháinig laghdú ar chostais do theicneolaíochtaí astaíochtaí ísle agus laghduithe ar astaíochtaí ilbhliantúla (fiú nuair a dhéantar iad a thomhas ar bhonn tomhaltais) mar thoradh ar bheartais aeráide mharthanacha, agus níor aimsíodh aon fhianaise ann maidir le sceitheadh suntasach astaíochtaí ó bheartais praghsála carbóin dea-bhainistithe. |
| (c) | An chaoi ar thug an Páirtí aghaidh ar Airteagal 4, mír 3, de Chomhaontú Pháras; | Is ionann an NDC seo agus dul chun cinn ar an uaillmhian i gcomparáid lena NDC tosaigh don tréimhse ama chéanna. Féach 6a |
| (d) | An chaoi ar thug an Páirtí aghaidh ar Airteagal 4, mír 4, de Chomhaontú Pháras | Comhlíonann an tAontas Eorpach an fhoráil seo trí dhearbhsprioc ar fud an gheilleagair a bheith aige |
| (e) | An chaoi ar thug an Páirtí aghaidh ar Airteagal 4, mír 6, de Chomhaontú Pháras. | Ní infheidhme.san Aontas |

| | | |
|---|---|---|
| **7** | **An chaoi a rannchuidíonn an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta le cuspóir an Choinbhinsiúin mar atá leagtha amach in Airteagal 2 de a bhaint amach:** | |
| (a) | An chaoi a rannchuidíonn an rannchuidiú, arna chinneadh go náisiúnta, le cuspóir an Choinbhinsiúin mar atá leagtha amach in Airteagal 2 de a bhaint amach; | Measann an tAontas go bhfuil a NDC i gcomhréir le cuspóir UNFCCC agus le sprioc fhadtéarmach Chomhaontú Pháras UNFCCC, mar a mhínítear in 6a agus 6b. |
| (b) | An chaoi a rannchuidíonn an rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta le hAirteagal 2, mír 1(a), agus Airteagal 4, mír 1, de Chomhaontú Pháras. | |